2023/2505

10.11.2023

CINNEADH (AE) 2023/2505 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán a leagtar síos in Airteagal 63(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú'), tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Cuimsítear sa Chomhaontú nós imeachta um chomhairliúchán i gcás ina ndiúltaítear cóir fhabhrach taraife in Airteagal 63(3). De bhun Airteagal 121(2), pointe (d), den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh ('an Coiste') arna bhunú le hAirteagal 8(1), pointe (c), den Chomhaontú, féadfaidh sé cinntí nó moltaí a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um chomhairliúchán a leagtar síos le hAirteagal 63(3) den Chomhaontú. De bhun Airteagal 10 den Chomhaontú, tá cinntí arna nglacadh ag an gCoiste ina gceangal ar na Páirtithe sa Chomhaontú.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú mar go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag Cinneadh an Choiste ar na rialacha maidir le comhairliúcháin arna mbunú in Airteagal 63(3) den Chomhaontú.

(4) Ba cheart soiléireacht a theacht as rialacha a leagan síos le haghaidh an nós imeachta um chomhairliúchán dá bhforáiltear in Airteagal 63(3) den Chomhaontú, agus trédhearcacht a áirithiú i gcás ina gcinneadh an Páirtí allmhairiúcháin an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú do tháirge de chuid an pháirtí onnmhairiúcháin d'ainneoin thuairim dhearfach an pháirtí onnmhairiúcháin lena ndeimhnítear a stádas tionscnaimh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh ('an Coiste') a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. … ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA AE-RA

um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh

an ...

a bhaineann leis an nós imeachta um chomhairliúchán i gcás ina ndiúltaítear cóir fhabhrach taraife faoin Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 63(3) de a bhaineann le nós imeachta um chomhairliúchán a bhunú i gcás ina ndiúltaítear cóir fhabhrach taraife,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú'), tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Le hAirteagal 121(2), pointe (d), den Chomhaontú, déantar foráil gur féidir leis an gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh ('an Coiste') cinntí nó moltaí a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um chomhairliúchán a bhunaítear le hAirteagal 63(3) den Chomhaontú.

(3) Nuair a dtugann údarás custaim an Pháirtí allmhairiúcháin fógra d'údarás custaim an Pháirtí onnmhairiúcháin go bhfuil sé beartaithe aige an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú tar éis dó tuairim an Pháirtí onnmhairiúcháin a fháil lena ndeimhnítear tionscnamh an táirge, déantar foráil le hAirteagal 63(3) den Chomhaontú go reáchtálfar comhairliúcháin arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí laistigh de 3 mhí ó dháta an fhógra sin, agus féadfar iad a reáchtáil i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag an gCoiste.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 63(3) den Chomhaontú, tá nós imeachta do chomhairliúcháin le leagan síos chun comhaontú idir na páirtithe a éascú i gcás ina ndiúltaítear cóireáil fhabhrach taraife d'ainneoin thuairim an Pháirtí onnmhairiúcháin lena ndeimhnítear tionscnamh an táirge,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Reáchtálfar an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 63(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i gcomhréir leis an nós imeachta do chomhairliúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón lá céanna.

Arna dhéanamh i/in/sa …

Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Comhchathaoirleach an Aontais agus Comhchathaoirleach
na Ríochta Aontaithe

IARSCRÍBHINN

NÓS IMEACHTA UM CHOMHAIRLIÚCHÁIN I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 63(3), AN DARA FOMHÍR, DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

Riail 1

1. Tar éis d'údarás custaim an Pháirtí allmhairiúcháin fógra a thabhairt d'údarás custaim an Pháirtí onnmhairiúcháin go bhfuil sé beartaithe aige an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú, féadfaidh Páirtí iarraidh ar chomhairliúcháin a chur faoi bhráid an pháirtí eile de bhun Airteagal 63(3), an dara fomhír, den Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú').

2. Déanfaidh comhalta Rúnaíochta an Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh ('an Coiste') de chuid an Pháirtí iarrthaigh an iarraidh ar chomhalta Rúnaíochta agus déanfar an iarraidh trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh cumarsáide eile lena soláthraítear taifead gur seoladh an iarraidh. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar an iarraidh sin a bheith faighte ar dháta a seolta.

Riail 2

1. Gairfear comhairliúcháin agus tabharfar i gcrích iad laistigh de 3 mhí ón dáta a thugtar an fógra faoin rún dá dtagraítear i Riail 1, ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh comhairliúchán. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh na Páirtithe teacht le chéile uair amháin nó níos mó ná sin.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin i bpearsa nó trí bhíthin aon mhodha eile cumarsáide arna chomhaontú ag na Páirtithe. Más i bpearsa a reáchtáiltear na comhairliúcháin, is ar chríoch an Pháirtí ar a ndírítear an iarraidh ar chomhairliúcháin a bheidh an láthair sin, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt.

Riail 3

15 lá féilire roimh gach seisiún comhairliúcháin, déanfaidh gach Páirtí an Páirtí eile a chur ar an eolas, tríd an Rúnaíocht, faoi chomhdhéanamh den toscaireacht atá beartaithe acu agus sonróidh siad ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

Riail 4

1. Is i mBéarla a reáchtálfar na comhairliúcháin.

2. Doiciméid i scríbhinn atá ábhartha le haghaidh na gcomhairliúchán, scaipfear ar an bPáirtí eile tríd an Rúnaíocht iad. Féadfaidh na doiciméid sin a bheith in aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Riail 5

1. An t-oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta Rúnaíochta an Pháirtí is freagróir a óstálann an cruinniú, tarraingeoidh sé suas dréachtmhiontairiscí gach seisiúin comhairliúcháin laistigh de 8 lá féilire ón seisiún. Tarchuirfear na dréachtmhiontairiscí le haghaidh barúlacha chuig comhalta Rúnaíochta an Pháirtí eile a fhéadfaidh barúlacha a chur isteach laistigh de 8 lá féilire.

2. Leis na miontairiscí sin, déanfar achoimre ar na seisiúin chomhairliúcháin, agus sonrófar na nithe seo a leanas i gcás inarb infheidhme:

(a) na doiciméid a cuireadh isteach;

(b) aon ráiteas ar iarr Páirtí go gcuirfí sna miontairiscí é; agus

(c) na conclúidí ar thángthas orthu agus féadfaidh sé go gcuimseofaí orthu sin an síneadh ar thréimhse na gcomhairliúchán.

3. Beidh ag gabháil leis na miontuairiscí iarscríbhinn ina mbeidh liosta na rannpháirtithe ina leagfar amach i gcás gach cheann de na toscaireachtaí ainmneacha agus feidhmeanna na ndaoine aonair uile a d'fhreastail ar an gcruinniú.

4. Coigeartóidh an Rúnaíocht na dréachtmhiontuairiscí ar bhonn na mbarúlacha a gheofar. Na dréachtmhiontuairiscí, arna gcoigeartú, formheasfaidh na Páirtithe iad laistigh de 28 lá féilire ó dháta an tseisiúin, nó faoi dháta eile arna chomhaontú ag na Páirtithe. Nuair a fhormheasfar na miontuairiscí, beidh feidhm ag aon chomhaontú a tugadh i gcrích idir an dá pháirtí ag an seisiún comhairliúchán nuair a glacadh an chonclúid sin.

5. I gcás ina reáchtálfar na comhairliúcháin i scríbhinn, déanfar taifead ar thoradh na gcomhairliúchán scríofa i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile den Choiste. Aon chomhaontú ar thángthas air le linn na gcomhairliúchán scríofa, tiocfaidh sé i bhfeidhm idir na Páirtithe ag an seisiún comhairliúchán nuair a ghlacadh an chonclúid sin.

Riail 6

1. Déanfaidh na Páirtithe a seacht ndícheall teacht ar réiteach ar an ábhar, réiteach atá sásúil don dá pháirtí, laistigh den tréimhse chomhairliúcháin dá dtagraítear i Riail 2. Má thagann na Páirtithe ar chomhaontú, beidh sé ina cheangal ar na Páirtithe.

2. Chun críoch Airteagal 63(3), an tríú fomhír, den Chomhaontú, measfar an tréimhse chomhairliúcháin dá dtagraítear i Riail 2 a bheith dulta in éag nuair a bhainfear deireadh na tréimhse amach agus nuair nach gcomhaontaíonn na Páirtithe síneadh a chur léi, ach amháin nuair nár reáchtáladh an comhairliúchán ar chúiseanna is inchurtha i leith an Pháirtí allmhairiúcháin.